# Exec meeting minutes 08092025

| | |
|---|---|
| Location: | SU Boardroom |
| Date: | 08/09/2025 |
| Time: | 17:00:00 |
| Attendees: | Maisie Hall (President), Seán de Búrca (Education), Paddy Marnane (Welfare & Equality), Molly Hickey (Environment & Sustainability), Niamh O'Connell (Societies), Jonathon Ryan (Medicine), Buddila Wijeyesekera (Postgraduate Research), Sonya Naumova (Arts, Social Sciences and Celtic Studies), Izzy Tiernan (Disability Rights), Eimear McGarry (Business, Public Policy and Law)<br><br>Both Raisul Sourav (Ethnic Minorities) and Caoimhe Gilligan (Clubs) were present online but due to technical issues had no access to the meeting |
| Apologies: | Aifric Nevin (Gender and LGBT+ Rights) |

## Agenda items

1. Full Time Officer Reports And Minutes – Officer Reports will be presented orally each week, and emailed out monthly. Minutes will be emailed out and published on the website.

   *Maisie* – Two major gigs booked for coming weeks. Attended USP meetings, Safety Working Group, Accom Taskforce. Attended SUT+ in the North, Comhairle Náisúnta at IADT in Dún Laoghaire, where they hosted legal observer training, and bystander training. Spoken at International Orientation, invited to presidents welcome Thursday, Friday First Year Orientation

   *Seán* - Has done lots of casework. Went to UCD for anti-racism training day, and to an Irish Congress Trade Union Meeting. Video shot for orientation. Spoke at PGR orientation with Buddilha. Exam security group. Had a meeting with vice dean of teaching in science and engineering and medicine. Class rep nominations are open!

   *Paddy* – Lots of casework, mostly accommodation related – has formed a good relationship with accom office. Committee meetings including safety working group and physical accessbility forum. Has helped with events including speedfriending and int orientation.

   *Rachel Áine* - Taught the dreoilín to international students. Had meeting with stem. Went to féile inter-ceilteach. Is working on museum signs being translated. Began gníomhaí gaeilge. Helped host speed-friending and céile for international students.

2. Choosing a charity – Applications were reviewed and officers cast votes in order of preference. Seán counted the votes – Galway Rape Crisis Centre and GOAL were deemed to be the chosen charities.

3. Scheduling an exec meeting going forward – Officers settled on either Monday at 6pm or Tuesday at 5pm. It was put to a vote in the exec groupchat, as not all officers were present to give their input.

4. Bingo and burgers – event to be held in the Bialann on Thursday and Friday, 5-7PM. All officers are welcome to help host tables.

5. Gaeilge – USP, looking into getting certificates/systems in Irish – cost issue. Cearta protest Sat 20th – bus going up in the morning, tickets are on sale and they cost €1.

6. AOB – *Molly* – SDG week 22nd September. Calm ZOne, Eco Anxiety Forum, How can we make campus more sustainable panel, beach clean. Commended by president for all the work thats been put in!

   *Niamh* - Céim no longer being offered to Geography students, as department pulled out. Paddy will enquire.

   *Jonathan* – not enough lockers in CSI. Paddy will talk to Buildings and Estates, will CC Jonathon

   *Buddila* – carrying over from other years, asks for more input from PTOS – more communication and acknowledgment of work they do. Noted by President, who agrees to work on this area, and asks that PTOS also engage and respond to emails and messages.

   *Eimear* – students looking for Gaza Cola to be sold on campus. President agrees, notes that the lease for SU Buildings includes a clause for CocaCola selling rights, but that they are looking into buy out clause, and that pouring rights will be up for tenure soon.

   *Sonya* – student reached out re Irish Language work, will link in with Rachel Áine.

   *Izzy* – asks to be kept up to date with Full Time officers campaign plans etc. President agrees, this is expected to improve now that weekly meetings have started.

   *Paddy* – Wednesday is World Suicide Prevention day – 11am coffee morning in Sult. Welfare Wednesday in the works.

   *Seán* - Class rep nominations are open – encourages officers to get students to nominate themselves and asks that officers fill out poll re availability for lecture shout outs in the group chats.

7. Charities announced as elected – Galway Rape Crisis Centre and GOAL.

8. Meeting adjourned

# Miontuairiscí an Chruinnithe den Choiste Feidhmiúcháin, 08/09/2025

| | |
|---|---|
| Áit: | Seomra Boird an Chomhaltais |
| Dáta: | 08/09/2025 |
| Am: | 17:00:00 |
| Lucht Freastail: | Maisie Hall (Uachtarán), Seán de Búrca (Oideachas), Paddy Marnane (Leas agus Comhionannas), Molly Hickey (Comhshaol agus Inbhuanaitheacht), Niamh O'Connell (Cumainn), Jonathon Ryan (Leigheas), Buddila Wijeyesekera (Iarchéimithe i mbun Taighde), Sonya Naumova (Ealaíona, Eolaíochtaí Sóisialta agus Léann Ceilteach), Izzy Tiernan (Cearta Míchumais), Eimear McGarry (Gnó, Beartas Poiblí agus Dlí)<br><br>Bhí idir Raisul Sourav (Mionlaigh Eitneacha) agus Chaoimhe Gilligan (Clubanna) i láthair ar líne ach ní raibh teacht acu ar an gcruinniú de dheasca fadhbanna teicniúla. |
| Leithscéalta: | Aifric Nevin (Inscne agus Cearta LADT+) |

## Clár Oibre

Tuairiscí na nOifigeach Lánaimseartha agus Miontuairiscí – Tabharfaidh na hoifigigh tuairisc ó bhéal gach seachtain, agus seolfar amach tríd an ríomhphost iad gach mí. Seolfar na miontuairiscí amach tríd an ríomhphost agus foilseofar ar an láithreán gréasáin iad.

*Maisie* – Dhá ghig mhóra curtha in áirithe do na seachtainí amach romhainn. D'fhreastail ar chruinnithe USP, ar an nGrúpa Oibre Sábháilteachta, ar an Tascfhórsa Accom. D'fhreastail ar SUT+ sa Tuaisceart, ar Chomhairle Náisúnta ag IADT i nDún Laoghaire, áit ar óstáil siad oiliúint breathnadóirí dlí agus oiliúint fianaiseach. Labhair ag an Seisiún Tionscnaimh do Mhic Léinn Idirnáisiúnta, thug cuireadh chuig Fáilte an Uachtaráin Déardaoin, Seisiún Tionscnaimh na Céad Bhliana Dé hAoine

*Seán* - Tá go leor cásoibre déanta aige. Chuaigh go dtí an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le haghaidh lá oiliúna frithchiníochais agus chuig cruinniú de Chomhdháil na gCeardchumann. Rinne scannánú ar fhíseán tionscnaimh. Labhair ag an seisiún tionscnaimh do mhic léinn iarchéime i mbun taighde in éineacht le Buddilha. Grúpa slándála scrúdaithe. Bhí cruinniú aige le leas-déan na múinteoireachta san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa leigheas.  Tá muid ag glacadh le hainmniúcháin d'ionadaithe ranga!

*Paddy* – Go leor cásoibre – le cúrsaí cóiríochta a bhain a formhór. Tá dea-chaidreamh cothaithe aige leis an oifig cóiríochta. Cruinnithe coiste, lena n-áirítear an grúpa oibre sábháilteachta agus

an fóram inrochtaineachta fisiciúla. Chabhraigh le himeachtaí, lena n-áirítear mearmhúintearas agus an seisiún tionscnaimh do mhic léinn idirnáisiúnta.

*Rachel Áine* - Mhúin an dreoilín do mhic léinn idirnáisiúnta. Bhí cruinniú aici le Stem. Chuaigh go dtí an Fhéile Idircheilteach. Ag obair le Gaeilge a chur ar chomharthaí músaeim. Chuir tús leis an nGníomhaí Gaeilge. D'óstáil mearmhúintearas agus céilí do mhic léinn idirnáisiúnta.

Carthanais a roghnú – Rinneadh athbhreithniú ar na hiarratais agus chaith na hoifigigh vótaí in ord tosaíochta. Rinne Seán na vótaí a chomhaireamh – measadh Ionad Éigeandála na Gaillimhe um Éigniú agus GOAL a bheith roghnaithe.

An chéad chruinniú eile den Choiste Feidhmiúcháin – Shocraigh na hoifigigh ar Dé Luain ag 6pm nó Dé Máirt ag 5pm. Cuireadh chun vóta é i ngrúpchomhrá an choiste toisc nach raibh na hoifigigh go léir i láthair lena dtuairim a thabhairt.

Biongó is burgair – beidh an ócáid ar siúl sa Bhialann Déardaoin agus Dé hAoine, 5-7 i.n. Tá fáilte roimh gach oifigeach bord a óstáil.

Gaeilge – USP, ag féachaint le teastais/córais a fháil i nGaeilge – ceist ann mar gheall ar chostais. Agóid "Cearta", Dé Sathairn, an 20ú lá – bus ag dul soir ar maidin. Ticéid ar díol ar chostas €1.

Aon Ghnó Eile – *Molly* – Seachtain na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an 22 Meán Fómhair. Zón an tSuaimhnis, Fóram na hImní faoin gComhshaol, cén chaoi ar féidir linn an campas a dhéanamh níos inbhuanaithe, glantachán trá. Moladh mór ón Uachtarán as an obair ar fad atá curtha isteach!

*Niamh* - Níl Céim á tairiscint a thuilleadh do mhic léinn tíreolaíochta toisc gur tharraing an roinn siar. Fiosróidh Paddy an cheist.

*Jonathan* – níl dóthain taisceadán in CSI. Labhróidh Paddy le Foirgnimh agus Eastáit. Cuirfidh Jonathon leis an gcomhrá mar CC.

*Buddila* – ag leanúint uirthi ag obair ar nithe ó bhlianta eile – d'iarr níos mó ionchuir ó PTOS – níos mó cumarsáide leo agus níos mó aitheantais a thabhairt don mhéid a dhéanann siad. Thug an tUachtarán an méid sin dá haire. D'aontaigh díriú ar an gceist, ach d'iarr freisin go gcoinneodh PTOS i dteagmháil agus go dtabharfaidís freagra ar ríomhphoist agus ar theachtaireachtaí go pras.

*Eimear* – mic léinn ag iarraidh go gcuirfí Gaza Cola ar díol ar an gcampas. D'aontaigh an tUachtarán ach thug dá haire go bhfuil clásal sa léas a bhaineann le Foirgnimh an Chomhaltais lena dtugtar cearta díola do Coca-Cola. Dúirt go bhfuiltear ag féachaint ar chlásal ceannach amach, agus go mbeidh tairisicntí á lorg go luath maidir leis na cearta díola sin.

*Sonya* – Rinne mac léinn teagmháil léi maidir le hobair i nGaeilge – rachaidh sí i dteagmháil le Rachel Áine.

*Izzy* – D'iarr go gcoinneofaí ar an eolas í faoi phleananna feachtasaíochta i dtaca le hoifigigh lánaimseartha, srl. D'aontaigh an tUachtarán – táthar ag súil go mbeidh feabhas ar an scéal seo anois agus cruinnithe á reáchtáil gach seachtain.

*Paddy* – Chuir in iúl go mbeadh an Lá Domhanda um Fhéinmharú a Chosc ann Dé Céadaoin – maidin chaife ag 11am i Sult. Obair á déanamh ar Chéadaoin an Leasa.

*Seán* - Tá muid ag glacadh le hainmniúcháin d'ionadaithe ranga. D'iarr ar na hoifigigh moladh do mhic léinn iad féin a ainmniú. D'iarr ar na hoifigigh freisin pobalbhreith a líonadh isteach sa ghrúpchomhrá maidir leis na léachtaí a mbeadh siad in ann labhairt leo.

Fógraíodh na carthanais a toghadh – Ionad Éigeandála na Gaillimhe um Éigniú agus GOAL.

Cuireadh an cruinniú ar athló